An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

**Intreoir ar an tSonraíocht do Nuatheangacha Iasachta**
**Foghlaim Scoláirí a mheas i Nuatheangacha na Sraithe Sóisearaí**

# Acmhainní

# NTI

# Eanáir – Márta

# Cnuasghrúpa 2018

## Clár Ábhar


Intreoir don tSraith Shóisearach ........................................................................................ 3

Ráitis Foghlama ............................................................................................................ 4.

Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí........................................................................... 5.

Leibhéil Chomhchoiteanta Tagartha – an eangach féinmheasúnaithe .......................... 6.

Snáithe 1: Cumas Cumarsáide ....................................................................................... 8.

Snáithe 2: Feasacht Teanga ........................................................................................... 9.

Snáithe 3: Eolas Soch-chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha .................................. 10.

Ag obair le hIntinní Foghlama ..................................................................................... 11.

Measúnú a chothromú i seomra ranga NTI na sraithe sóisearaí ................................. 12.

Ag obair i bpéirí .......................................................................................................... 13.

Meabhraigh ar na measúnaithe atá déanta i NTI ........................................................ 13.

Gnéithe den mheasúnu foirmitheach .......................................................................... 14.

Achoimre de na príomhghnéithe den mheasúnú foirmitheach .................................... 15.

Cur chuige athraitheach i leith an mheasúnaithe ........................................................ 17.

Machnamh .................................................................................................................. 18.

Scil a Mhachnaimh Ghníomhaí a fhorbairt .................................................................. 18.

Tuilleadh smaointe chun scil an mhachnaimh a fhorbairt ........................................... 19.

Teimpléad Samplach Machnamh Múinteora ................................................................ 20.

Foghlaim scoláirí a mheas sa seomra ranga NTI .......................................................... 21.

Nótaí ........................................................................................................................... 22.

Samplaí Aonaid Foghlama ........................................................................................... 23.

Ó pheirspictíocht scoláire .............................................................................................24.

Gníomhaíochtaí Bearna Eolais .................................................................................... 25.

Gníomhaíocht ar ghnóthachtáil eochairchoincheapa a fhreagairt ................................ 27.

Gnóthachtail Choincheapa .......................................................................................... 27.

Tagairtí ........................................................................................................................ 28.

Cá háit is feidir tuilleadh eolais a fháil? ...................................................................... 28.

Acmhainní Digiteacha molta ag agus do múinteoirí NTI .............................................. 29.

Uirlisí agus Straitéisí i gcomhair Difreála sa seomra ranga NTI .................................... 31.

Déan meabhairmhapa de do lá! .................................................................................. 32.

## Intreoir don tSraith Shóisearach



In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d’ardchaighdeán iad seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. I gclár shraith shóisearach an fhoghlaimeora tógtar ar a bhfuil foghlamtha aige cheana, tugtar tacaíocht do chur chun cinn a chuid foghlama, agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil. (Sonraíocht, lch. 3)

## Aidhm na *Sonraíochta do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí*

Is é aidhm na sonraíochta le haghaidh Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí scileanna cumarsáideacha teanga a fhorbairt atá ag teacht den chuid is mó le banda A (A1 go A2, Úsáideoir Bunúsach) den Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha agus lena thuairisceoirí. Aidhm eile atá leis ná cur ar chumas an scoláire an t-idirspleáchas idir teanga agus cultúr a fhiosrú, forbairt a dhéanamh ar an léirthuiscint atá aige dá ábhartha atá teangacha dá shaol chun críocha pearsanta, sóisialta, oideachasúla, gairme agus fóillíochta, agus taitneamh a bhaint as foghlaim teanga.

Le bheith níos sonraíche spreagann sí an scoláire chun:

- páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i dtascanna teanga lena bhforbraítear an cumas chun an teanga scríofa agus an teanga labhartha a thuiscint
- cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus go muiníneach sa spriocteanga i gcomhthéacsanna coitianta trí mheáin éagsúla
- forbairt a dhéanamh ar a chumas chun struchtúir chuí agus stór focal cuí a úsáid chun críche cumarsáide, idir chumarsáid i scríbhinn agus chumarsáid ó bhéal
- taitneamh a bhaint as taithí foghlama teanga a thabharfaidh cabhair agus spreagadh dó leanúint ar aghaidh ag foghlaim teangacha sa todhchaí
- bheith athmhachnamhach agus neamhspleách ina fhoghlaim teanga agus páirt ghníomhach a ghlacadh i monatóireacht agus i measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta aige
- léirthuiscint a ghnóthú dá chultúr féin agus do chultúir eile
- forbairt a dhéanamh ar scileanna is féidir a chur i bhfeidhm maidir le réimsí eile staidéir agus saoil.

## Ráitis Foghlama

*Tábla 1: Naisc idir nuatheangacha iasachta na sraithe sóisearaí agus na ráitis foghlama*



| ***An ráiteas*** | ***Samplaí d'fhoghlaim ábhartha*** |
|---|---|
| **RF 2:** Éisteann, labhraíonn, léann agus scríobhann an scoláire sa T2 agus i dteanga amháin eile ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht lena c(h)umas féin. | Forbróidh an scoláire a chumas cumarsáide teanga ach páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i dtascanna teanga sna scileanna comhtháite teanga: éisteacht, léitheoireacht, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríbhneoireacht. |
| **RF 6:** Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu. | Déanfaidh an scoláire machnamh ar na luachanna, ar na creidimh agus ar na traidisiúin a bhaineann le cultúr eile. Trína dhéanamh seo, gnóthóidh sé léargas níos cuimsithí ar a chultúr féin agus forbróidh sé dearcadh dearfach i leith na héagsúlachta chomh maith le meas agus fiosracht faoin éagsúlacht. Chomh maith leis sin, forbróidh sé feasacht ar an tsochaí ilteangach ilchultúrtha ina maireann sé agus léirthuiscint di. |
| **RF 16:** Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú. | Foghlaimeoidh an scoláire an dóigh a n-oibríonn an sprioctheanga; déanfaidh sé iniúchadh, cur síos agus míniú ar phatrúin amhail ord na bhfocal, deirí focal, tógáil abairtí agus an córas briathra. Ach comparáid a dhéanamh idir an sprioctheanga agus teangacha eile atá aige, scrúdóidh an scoláire an caidreamh idir teangacha agus gnóthóidh sé léargas níos cuimsithí ar an dóigh a n-oibríonn a theanga féin. |
| **RF 24:** Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil. | Úsáidfidh an scoláire teicneolaíochtaí digiteacha chun teacht ar fhaisnéis a bhaineann leis an sprioctheanga agus leis an sprioc-chultúr, chun oibriú le raon formáidí (formáidí scríofa, fuaime, físe) agus chun cumarsáid a dhéanamh le cainteoirí na sprioctheanga ach uirlisí cuí a úsáid ar bhealach freagrach eiticiúil. |

**Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí**



| An Príomhscil | Gníomhaíocht foghlama an scoláire |
|---|---|
| A BHEITH LITEARTHA | Glacfaidh an scoláire páirt i ngníomhaíochtaí agus i dtascanna cumarsáideacha atá fiúntach. Foghlaimeoidh sé le cumarsáid éifeachtach mhuiníneach a dhéanamh sa sprioctheanga i gcomhthéacsanna coitianta. |
| MÉ FÉIN A BHAINISTIÚ | I ngach snáithe, déanfaidh an scoláire monatóireacht, machnamh agus measúnú ar an dul chun cinn atá déanta aige trí aiseolas ó dhaoine eile a mheas agus trí fhéinmheasúnú. |
| FANACHT FOLLÁIN | I ngach snáithe, forbróidh an scoláire dearcadh dearfach i leith na foghlama teanga de réir mar a phléann sé leis an éagsúlacht agus a dhéanann sé machnamh ar a chuid éachtaí. |
| EOLAS AGUS SMAOINTEOIREACHT A BHAINISTIÚ | I ngach snáithe, úsáidfidh an scoláire raon teicneolaíochtaí digiteacha chun taighde agus bainistiú a dhéanamh ar inneachar agus chun cumarsáid a dhéanamh. |
| A BHEITH UIMHEARTHA | I ngach snáithe, tabharfar lear deiseanna don scoláire coincheapa a threisiú le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí teanga, mar shampla, aithint uimhreacha, seicheamhú, dáta, am, luach, tomhas, céatadán. Chomh maith leis sin, tabharfaidh sé patrúin teanga agus chultúrtha agus treochtaí teanga agus cultúrtha faoi deara de réir mar a fhorbraíonn sé a fheasacht teanga agus idirchultúrtha. |
| A BHEITH CRUTHAITHEACH | I ngach snáithe, beidh deiseanna ag an scoláire roghanna malartacha a fhiosrú agus roghanna a dhéanamh de réir mar a ghlacann sé páirt i ngníomhaíochtaí cumarsáideacha agus a éiríonn sé ina fhoghlaimeoir níos neamhspleáiche. |
| OBAIR LE DAOINE EILE | I ngach snáithe, glacfaidh an scoláire páirt in obair i mbeirteanna, in obair ghrúpa agus i bpiarmheasúnú |
| CUMARSÁID | I ngach snáithe, éireoidh an scoláire cleachta ar an teanga a bhaineann le gnáth-idirghníomhaíocht sa seomra ranga. Úsáidfear an sprioctheanga mar an príomh-mheán teagaisc agus foghlama. |

Is rún don tsonraíocht do Nuatheangacha iasachta na sraithe sóisearaí scileanna na teanga cumarsáide a fhorbairt ailínithe le banda A (A1 go A2, basic user) den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach de Theangacha (CEFR)[1] agus a . (Sonraíocht, l. 6)



## Leibhéil Chomhchoiteanna Tagartha– an eangach féinmheasúnaithe

| | | A1 | A2 | B1 | B2 | C1 | C2 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| TUISCINT | **Éisteacht** | Is féidir liom focail choitianta agus frásaí bunúsacha a bhaineann liom féin le mo theaghlach agus mo chentar máguaird a thuiscint chomh fada is go labhraíonn an duine sin go mall agus go soiléir. | Is féidir liom abairtí agus nathanna cainte coitianta a bhaineann le réimsí lena ngabhann an ábharthacht is láithrí a thuiscint (m.sh. faisnéis an-bhunúsach phearsanta agus teaghlaigh, siopadóireacht, an ceantar áitiúil, fostaíocht). Tuigim an príomhphointe i dteachtaireachtaí agus tráchtanna sóiléire, simplí agus gearra. | Is féidir liom na príomhphointí a thuiscint i ngnáthchaint shoiléir agus chaighdeánach ar chúrsaí coitianta a bpléitear go rialta leo san áit oibre, ar scoil, le linn caitheamh aimsire, etc. Is féidir liom an príomhphointe a thuiscint i mórán cláir raidió agus theilifíse ar chúrsaí reatha nó ar thopaicí a bhfuil spéis phearsanta nó ghairmiúil agam iontu nuair a dhéantar na pointí go measartha | Is féidir liom caint fhada agus léachtaí fada a thuiscint agus línte argóinte casta a leanúint chomh fada is go bhfuil cur amach réasúnta agam ar an topaic. Is féidir liom formhór na gclár nuachta agus cúrsaí reatha ar an teilifís a thuiscint. Is féidir liom formhór na scannán sa chanúint chaighdeánach a thuiscint. | Is féidir liom caint fhada a thuiscint fiú amháin i gcás nach bhfuil struchtúr soiléir uirthi agus i gcás gur intuigthe atá an caidreamh, agus ní á chur in iúl go follasach. Is féidir liom cláir theilifíse agus scannáin a thuiscint gan mórán dua. | Níl aon deacracht agam aon chineál teanga labhartha a thuiscint, bíodh sí beo nó craolta, fiú amháin i gcás go labhraítear ag luas tapa an chainteora dúchais, chomh fada is go bhfuil roinnt ama agam chun dul i dtaithí ar an mblas. |
| | **Léitheoireacht** | Is féidir liom ainmneacha coitianta, focail choitianta agus abairtí an-simplí a thuiscint, mar shampla, iad sin ar fhógraí agus ar phóstaeir nó i gcatalóga. | Is féidir liom téacsanna atá simplí agus an-ghearr a léamh. Is féidir liom faisnéis atá sonrach agus intuartha a fháil in ábhar simplí agus laethúil amhail fógraí, réamheolairí, biachláir agus amchláir agus is féidir liom litreacha pearsanta atá gearr agus simplí a thuiscint. | Is féidir liom téacsanna ina bhfuil focail laethúla ardmhinicíochta nó focail atá bainteach le hobair den chuid is mó a thuiscint. Is féidir liom cur síos ar eachtraí, ar mhothúcháin agus ar mhianta i litreacha pearsanta a thuiscint. | Is féidir liom ailt agus tuarascálacha a léamh a bhaineann le fadhbanna na linne seo agus ina nglacann na scríbhneoirí le dearcthaí nó tuairimí ar leith. Is féidir liom prós liteartha na linne seo a thuiscint. | Is féidir liom téacsanna fíorasacha agus liteartha atá fada agus casta a thuiscint agus idirdhealuithe ó thaobh stíle de a aithint. Is féidir liom ailt speisialaithe agus treoracha fada agus teicniúla a thuiscint, fiú amháin mura mbaineann siad le mo réimse spéise. | Is féidir liom beagnach gach cineál den teanga scríofa a thuiscint, lena n-áirítear téacsanna teibí atá casta ó thaobh struchtúir nó teangeolaíochta de amhail lámhleabhair, ailt speisialaithe agus saothair liteartha. |
| LABHAIRT | **Idirghníomhú Labhartha** | Is féidir liom caidreamh a dhéanamh ar bhealach simplí chomh fada is go bhfuil an duine eile sásta rudaí a athrá nó a rá ar shlí eile ag luas cainte níos moille agus cabhrú liom an rud atá i gceist agam a rá. Is féidir liom ceisteanna simplí a chur agus a fhreagairt faoi riachtanais láithreacha nó faoi thopaicí a bhfuil an-chur amach agam orthu. | Is féidir liom cumarsáid a dhéanamh le linn gnáth-thascanna simplí nuair nach bhfuil i gceist iontu ach malartú faisnéise díreach agus simplí maidir le topaicí agus le gníomhaíochtaí coitianta. Is féidir liom caidreamh sóisialta an-ghearr a láimhseáil, cé nach dtuigim mo dhóthain de ghnáth chun an comhrá a choinneáil ar siúl mé féin. | Is féidir liom déileáil le formhór na gcásanna ar dóigh dóibh teacht chun cinn agus mé ag taisteal i gceantar ina labhraítear an teanga. Is féidir liom dul isteach gan ullmhúchán i gcomhrá faoi thopaicí a bhfuil cur amach agam orthu, faoi thopaicí a bhfuil spéis phearsanta agam iontu nó faoi thopaicí a bhaineann leis an saol laethúil (m.sh. cúrsaí teaghlaigh, caitheamh aimsire, cúrsaí oibre, cúrsaí taistil agus cúrsaí reatha). | Is féidir liom caidreamh a dhéanamh go measartha líofa agus gan réamhsmaoineamh, a fhágann go mbím in ann caidreamh rialta a dhéanamh le cainteoirí dúchais. Is féidir liom páirt ghníomhach a ghlacadh i ndíospóireacht i gcomhthéacsanna coitianta agus mo thuairimí a leagan amach agus údar a chur leo. | Is féidir liom mé féin a chur in iúl go líofa agus gan réamhsmaoineamh, gan nathanna cainte a chuardach go follasach. Is féidir liom teanga a úsáid go solúbtha agus go héifeachtach chun críocha sóisialta agus gairmiúla. Is féidir liom smaointe agus tuairimí a chur i bhfocail go beacht agus mo thuairimí a nascadh le tuairimí cainteoirí eile. | Is féidir liom páirt a ghlacadh gan dua in aon chomhrá nó in aon díospóireacht agus tá an-chur amach agam ar nathanna dúchasacha agus ar leaganacha canúnacha. Is féidir liom mé féin a chur in iúl go líofa agus miondifríochtaí céille a chur in iúl go beacht. Má tharlaíonn sé go bhfuil fadhb agam, tá sé ar mo chumas gabháil siar ar an méid atá ráite agam agus athstruchtúrú a dhéanamh air gan dua ionas gur ar éigean a thugann daoine eile faoi deara é. |
| | **Táirgeadh labhartha** | Is féidir liom frásaí agus abairtí simplí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar m'áit chónaithe agus ar na daoine atá ar aithne agam. | Is féidir liom sraith frásaí agus abairtí a úsáid chun cur síos a dhéanamh i dtéarmaí simplí ar mo theaghlach agus ar dhaoine eile, ar mo dhálaí maireachtála, ar mo chúlra | Is féidir liom frásaí a nascadh le chéile ar bhealach simplí chun cur síos a dhéanamh ar thaithí agus ar eachtraí, ar mo mhianta, ar m'ábhair dhóchais agus ar m'uaillmhianta. Is féidir liom cúiseanna achoimre | Is féidir liom cur síos atá soiléir agus mionsonraithe a dhéanamh ar raon leathan ábhar a bhaineann le mo réimse spéise. Is féidir liom míniú a thabhairt ar thuairim ar cheist | Is féidir liom cur síos atá soiléir agus mionsonraithe a dhéanamh ar ábhair chasta, áit a gcuirim fothéamaí san áireamh, a bhforbraím pointí ar leith agus a dtagaim | Is féidir liom cur síos nó argóint a chur i láthair go soiléir agus go réidh i stíl atá oiriúnach don chomhthéacs agus a bhfuil struchtúr loighciúil agus éifeachtach |

[11] Council of Europe (2001). Common European Framework of Reference for Languages: Learning, teaching, assessment. Cambridge University Press. The full text is available on the Council of Europe website.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | oideachasúil agus ar an bpost atá agam anois nó a bhí agam le déanaí. | a thabhairt le tuairimí agus le pleananna agus mínithe achoimre a thabhairt orthu. Is féidir liom scéal nó plota leabhair nó scannáin a insint agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar mhothaigh mé fúthu. | thráthúil, agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le roghanna éagsúla á gcur in iúl agam. | ar chonclúid chuí ag an deireadh. | uirthi a chabhraíonn leis an bpáirtí eile pointí tábhachtacha a thabhairt faoi deara agus cuimhneamh orthu. |
| S C R Í B N E O I R E A C H T | **Scríbhneoireacht** | Is féidir liom cárta poist atá gearr agus simplí a scríobh, chun beannachtaí laethanta saoire a thabhairt, mar shampla. Is féidir liom mo shonraí pearsanta a chomhlánú ar fhoirmeacha, mar shampla, m'ainm, mo náisiúntacht agus mo sheoladh a scríobh ar fhoirm chlárúcháin óstáin. | Is féidir liom nótaí agus teachtaireachtaí atá gearr agus simplí a scríobh maidir le hábhair a bhaineann le riachtanais láithreacha. Is féidir liom litir atá pearsanta agus an-simplí a scríobh, chun buíochas a ghabháil le duine as rud éigin, mar shampla. | Is féidir liom téacs atá simplí agus nasctha a scríobh ar thopaicí a bhfuil cur amach agam orthu nó a bhfuil spéis phearsanta agam iontu. Is féidir liom litreacha pearsanta a scríobh ina ndéantar cur síos ar thaithí agus ar rudaí a thug mé faoi deara. | Is féidir liom téacs atá soiléir agus mionsonraithe a scríobh ar raon leathan ábhar a bhaineann le mo réimsí spéise. Is féidir liom aiste nó tuarascáil a scríobh ina gcuirtear faisnéis ar aghaidh nó ina dtugtar cúiseanna le tacú le tuairim ar leith nó le cur ina coinne. Is féidir liom litreacha a scríobh ina dtarraingítear aird ar an tábhacht phearsanta a bhaineann le heachtraí agus le taithí. | Is féidir liom mé féin a chur in iúl i dtéacs atá soiléir agus dea-struchtúrtha, agus tuairimí a chur in iúl go measartha domhain. Is féidir liom scríobh faoi ábhair chasta i litir, in aiste nó i dtuarascáil, agus béim a chur ar na pointí is dóigh liomsa a bheith ar na cinn is tábhachtaí. Is féidir liom stíl a roghnú atá oiriúnach don léitheoir atá i gceist. | Is féidir liom téacs atá soiléir agus réidh a scríobh i stíl oiriúnach. Is féidir liom litreacha, tuarascálacha nó ailt atá casta a scríobh, áit a gcuirtear cás a bhfuil struchtúr loighciúil agus éifeachtach air i láthair a chabhraíonn leis an bpáirtí eile pointí tábhachtacha a thabhairt faoi deara agus cuimhneamh orthu. Is féidir liom achoimrí agus léirmheasanna a scríobh ar shaothair ghairmiúla nó ar shaothair liteartha |

## Snáithe 1: Cumas Cumarsáide



**I gCumas Cumarsáide, cuirtear ar chumas an scoláire cumarsáid a dhéanamh sa spriocteanga chun críocha fiúntacha. Sa snáithe seo glacann an scoláire páirt i ngníomhaíochtaí agus i dtascanna teanga lena mbaineann na scileanna comhtháite teanga seo: éisteacht, léitheoireacht, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríbhneoireacht.**

| Gnéithe | Torthaí Foghlama *Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire* |
|---|---|
| **Éisteacht** | **1.1** topaic ghinearálta an chomhrá a shainaithint i dtopaicí coitianta nuair a chuirtear in iúl í go soiléir<br>**1.2** focail agus frásaí atá bainteach le réimsí tábhachtacha agus le taithí láithreach agus a úsáidtear go minic a aithint, lena n-áirítear an teanga a úsáidtear i ngnáth-idirghníomhaíocht sa seomra ranga<br>**1.3** faisnéis shonrach a shainaithint i dtéacsanna a bhaineann le topaicí coitianta amhail fógraí, comhráite, míreanna simplí nuachta<br>**1.4** spreagthaí fuaime ar nós amhrán, comhráite agus fógrán a fhoinsiú, a roghnú agus a chomhroinnt trí theicneolaíochtaí digiteacha cuí |
| **Léitheoireacht** | **1.5** an bhrí atá le focail choitianta agus le frásaí coitianta a aithint, lena n-áirítear comharthaí agus fógraí laethúla in áiteanna poiblí<br>**1.6** an bhrí ghinearálta atá le téacs ar thopaicí coitianta a thuiscint<br>**1.7** faisnéis shonrach a shainaithint i raon téacsanna ina ndéileáiltear le topaicí coitianta<br>**1.8** téacsanna dílse a fhoinsiú agus a úsáid chun topaicí ábhartha a fhiosrú trí raon meán |
| **Labhairt** | **1.9** focail a fhuaimniú le dóthain cruinnis agus le tuin chainte chuí ionas go dtuigfear é<br>**1.10** tuairiscí, cuir i láthair nó fógraí simplí ar thopaicí coitianta a chur in iúl |
| **Idirghníomhú cainte** | **1.11** idirghníomhú i ngnáth-chomhráite le fuaimniú agus le tuin chainte atá soiléir go leor ionas go dtuigfear é agus le teanga neamhbhriathartha chuí<br>**1.12** leaganacha múinte simplí, amhail beannachtaí, buíochas agus cur in aithne, a úsáid i gcásanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus freagairt go cuí dóibh<br>**1.13** ceisteanna a chur agus a fhreagairt, agus smaointe, mothúcháin agus faisnéis a mhalartú ar thopaicí coitianta i gcúrsaí laethúla<br>**1.14** uimhreacha a thuiscint agus iad a úsáid de réir mar is cuí i gcúrsaí laethúla, amhail siopadóireacht, uimhreacha a mhalartú, eachtraí a chur in ord<br>**1.15** páirt a ghlacadh i ngnáth-idirghníomhaíocht sa seomra ranga amhail obair i mbeirteanna agus obair ghrúpa, ceisteanna a chur, páirt a ghlacadh i gcluichí agus i ngníomhaíochtaí teanga, cabhair agus athrá a iarraidh nuair is gá<br>**1.16** cumarsáid a dhéanamh le daoine eile ó bhéal ach teicneolaíochtaí digiteacha ar nós na meán sóisialta a úsáid |
| **Scríbhneoireacht** | **1.17** focail a scríobh agus abairtí gearra a chruthú go cruinn ar thopaicí laethúla ach meáin éagsúla (ríomhphoist, litreacha, blaganna, cártaí poist…) a úsáid<br>**1.18** sraith frásaí agus abairtí atá ceangailte le nascóirí simplí amhail *ach, agus, nó, mar,* a scríobh<br>**1.19** téacsanna a chruthú faoi ghnéithe dá shaol agus faoi thopaicí a bhfuil spéis aige iontu, amhail teaghlach agus cairde, an scoil, laethanta saoire, gníomhaíochtaí fóillíochta, faisean, spórt, daoine mór le rá<br>**1.20** tuairiscí gearra a scríobh faoi imeachtaí, faoi ghníomhaíochtaí agus faoi thaithí phearsanta a tharla san am atá thart, atá ag tarlú faoi láthair nó a tharlóidh amach anseo, mar aon le téacsanna samhlaíocha a scríobh<br>**1.21** foirmeacha atá ábhartha dá aoisghrúpa agus dá thaithí a chomhlánú<br>**1.22** téacsanna a tháirgeadh agus a chur in eagar agus idirghníomhú le daoine eile ach teicneolaíochtaí digiteacha cuí a úsáid |



## Snáithe 2: Feasacht Teanga

**I bhFeasacht Teanga, feabhsaítear an fheasacht ghinearálta atá ag an scoláire ar theangacha. Sa snáithe seo, déanann sé anailís ar an gcaoi a n-oibríonn an sprioctheanga, déanann sé comparáid idir na teangacha atá aige (Béarla, Gaeilge agus/nó máthairtheanga) agus déanann sé machnamh ar a straitéisí foghlama teanga féin.**

| **Gnéithe** | **Torthaí Foghlama**<br>*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire* |
|---|---|
| **Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an sprioctheanga** | **2.1** patrúin teanga amhail ord na bhfocal, an córas briathra, ainmfhocail, aidiachtaí agus gnásanna litrithe agus poncaíochta a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu agus iad a úsáid<br>**2.2** an fhoghlaim teanga ar fad a chur i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha, amhail dánta simplí, póstaeir, cur i láthair, cluichí agus drámaíocht a tháirgeadh<br>**2.3** an chaoi a dtéann gnásanna inscne agus sóisialta i bhfeidhm ar úsáid na sprioctheanga a aithint |
| **An sprioctheanga a chur i gcomparáid le teangacha eile atá ar eolas aige** | **2.4** cosúlachtaí agus difríochtaí a shainaithint idir fuaimniú, tuin chainte agus rithim na sprioctheanga agus fuaimniú, tuin chainte agus rithim teangacha eile atá aige<br>**2.5** comparáid a dhéanamh idir gramadach agus stór focal na sprioctheanga agus iad sin i dteangacha eile atá aige, agus naisc agus idirdhealuithe á ndéanamh de réir mar is cuí |
| **Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn sé teangacha** | **2.6** a straitéisí roghnaithe foghlama teanga a shainaithint, a chomhroinnt agus a mhíniú<br>**2.7** monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a fhoghlaim féin ach úsáid a bhaint as aiseolas a fhaigheann sé chun machnamh a dhéanamh ar ar gá dó a dhéanamh chun feabhas a chur air agus spriocanna a leagan síos le haghaidh feabhais |

## Snáithe 3: Eolas Soch-chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha



| **In Eolas Soch-chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha, tugtar rochtain don scoláire ar ghnéithe nua cultúrtha agus spreagtar é le machnamh a dhéanamh ar a chultúr féin. Sa snáithe seo, faigheann an scoláire eolas cultúrtha ar an spriocthír/na spriocthíortha agus spreagtar é le comparáid a dhéanamh idir cultúir eile agus a chultúr féin.** | |
|---|---|
| **Gnéithe** | **Torthaí Foghlama**<br>*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire* |
| **Foghlaim faoi fhíricí ábhartha, faoi dhaoine, faoi áiteanna agus faoi stair na tíre/na dtíortha a bhaineann leis an sprioctheanga** | **3.1** roinnt gnéithe de thír/thíortha na sprioctheanga, amhail gnéithe geografacha, an aimsir, áiteanna agus sainchomharthaí agus bia, a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu<br>**3.2** fíricí agus figiúirí a bhaineann le tír/tíortha na sprioctheanga a aimsiú agus a úsáid, mar shampla, sonraí staitistiúla, féilte, aireagáin, daoine cáiliúla<br>**3.3** machnamh a dhéanamh ar cad atá foghlamtha acu faoin tír/tíortha a bhaineann leis an sprioctheanga |
| **Foghlaim faoi thraidisiúin, faoi ghnásanna agus faoi iompraíochtaí** | **3.4** roinnt gnéithe de thír/thíortha na sprioctheanga a shainaithint agus a mhíniú i réimsí amhail an saol laethúil, caidreamh idirphearsanta, gnásanna agus iompraíochtaí, gnásanna sóisialta<br>**3.5** steiréitíopaí coitianta faoin sprioc-chultúr/faoi na sprioc-chultúir, a chuid féin san áireamh, a shainaithint agus machnamh a dhéanamh orthu, agus a mhíniú an bhfuil a dhearcadh i leith na spriocthíre/na spriocthíortha ag forbairt nó nach bhfuil agus, má tá, conas atá an dearcadh sin ag forbairt<br>**3.6** faisnéis a roghnú, a phróiseáil agus a chur i láthair ach teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go cuí agus fírinne agus iontaofacht na faisnéise sin a mheasúnú |
| **Cultúr a thíre dúchais féin a chur i gcomparáid le cultúr na tíre/dtíortha a bhaineann leis an sprioctheanga** | **3.7** cosúlachtaí agus difríochtaí a anailísiú i dtaca le saol a phiaraí i dtír/dtíortha na sprioctheanga i réimsí den saol laethúil amhail an scoil, an saol sóisialta, spórt, nósanna bia<br>**3.8** comparáid a dhéanamh idir gnéithe lena mbaineann spéis phearsanta i dtír/dtíortha na sprioctheanga agus na gnéithe sin ina thír féin, iad a chur i gcodarsnacht le chéile, agus iad a chur i láthair ach meáin éagsúla a úsáid<br>**3.9** léirthuiscint a ghnóthú ar an gcaoi a dtéann difríochtaí cultúrtha i bhfeidhm ar chaidreamh sóisialta, ar nós beannachtaí agus béilí a ithe le chéile<br>**3.10** comparáid a dhéanamh idir úsáid uimhreacha i dtír/dtíortha na sprioctheanga agus úsáid uimhreacha ina thír féin, agus iad a chur i gcodarsnacht lena chéile maidir le topaicí coitianta amhail praghsanna, aois, dátaí, séasúir |

**Ag Obair le hIntinní Foghlama**

## Measúnú a chothromú i seomra ranga NTI na sraithe sóisearaí

1. ***Léigh na ráitis thíos agus meabhraigh cad iad na cosúlachtaí atá idir na ráitis chorcra go léir agus cad iad na cosúlachtaí atá idir na ráitis ghlasa go léir:***

**Úsáideann an múinteoir seo scrúduithe ó bhéal mar chuid den mheasúnú deireadh bliana. Bíonn na scrúduithe ó bhéal seo éagsúil lena chéile ag brath ar aois agus ar chéim foghlama. Tuairiscítear na torthaí mar chuid den scrúdú samhraidh.**

**Sa Scrúdú Deiridh ag críoch na sraithe sóisearaí déantar measúnú ar fhoghlaim scoláirí thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanann an scrúdú a shocrú agus a mheasúnú go seachtrach. Déantar na torthaí a thuairisciú ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.**

**Ag deireadh aonad foghlama socraíonn an múinteoir seo triail, measann freagraí na scoláirí agus coimeádann taifead de ghnóthachtálacha na scoláirí. Cuireann sí torthaí a cuid measúnachta in iúl do scoláirí agus do thuismitheoirí ag cruinnithe idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí.**

**Ag deireadh na chéad bhliana déanann na scoláirí Gearmáinise seo láithreoireacht sa spriocteanga mar chuid dá measúnú samhraidh. Déanann an múinteoir í a mheas agus a ghrádú agus áirítear na torthaí mar chuid de ghrád na chéad bhliana.**

**Tar éis sraith ceachtanna gramadaí ar an aimsir chaite san Iodáilis socraíonn an múinteoir seo triail ghramadaí do scoláirí. Déanann an múinteoir na trialacha a ghrádú, agus cuireann sé na gráid in iúl do thuismitheoirí ag úsáid dialanna scoláirí.**

**Nuair a bhíonn sé ag tabhairt a gcuid obair scríofa ar ais dá scoláirí, iarrann an múinteoir Fraincise seo orthu 5 nóiméad a ghlacadh chun a chuid aiseolais a athbhreithniú agus a gcuid botúin féin a cheartú. Caithfidh siad cuidiú a iarraidh ar bheirt dá bpiaraí sular féidir leo a iarraidh ar an múinteoir cuidiú le ceartúcháin.**

**Tugann an múinteoir Spáinnise seo liosta focal dá scoláirí le foghlaim don obair baile. An lá dar gceann iarrann sí ar scoláirí piarmheasúnú a dhéanamh ar a chéile, agus aird a dhíriú ar fhuaimniú ceart. Ag deireadh an taisc sin, fiafraíonn an múinteoir de gach beirt cén focal a ba dheacra a fhuaimniú. Caitheann sí roinnt ama le linn an cheachta sin ag teagasc do na scoláirí conas na focail dheacra sin a fhuaimniú.**

**I ndiaidh sraith ceachtanna ar bheannú a thabhairt sa spriocteanga, cruthaíonn an múinteoir seo físeán Ed Puzzle le ceisteanna mar phíosa obair baile. Agus na freagraí á n-anailísiú aici , éiríonn sé soiléir go bhfuil scoláirí trína chéile faoi bheannú foirmiúil agus neamhfhoirmiúil. Tosaíonn sí an chéad cheacht eile ag iarraidh an coincheap a mhíniú as an úr.**

**Ag deireadh gach téarma iarrann an múinteoir seo ar scoláirí a mheas cé na spriocanna foghlama a bhain siad amach le cuidiú Raitis Is Féidir Liom. Féadann scoláirí roghnú idir "liom féin / le cuidiú / dul siar de dhíth". Úsáideann scoláirí an chéad cheacht eile chun aon spriocanna foghlama a shoiléiriú le cuidiú óna bpiaraí agus / nó óna múinteoir.**

**Tá scoláirí i mbun tasc scríofa le linn rang Spáinnise. Bogann an múinteoir thart ar an seomra a choinneáil súil ar dhul chun cinn na scoláirí. I ndiaidh tamaill, stadann sé agus iarrann ar na scoláirí seiceáil leis an duine ar thaobh na láimhe deise conas an dáta a scríobh i Spáinnis. Glacann sé ansin le haiseolas ón rang agus scríobhann an dáta ar an gclár.**

2. ***Tástáil do theoiric anois; cé acu ceann de na cásanna seo a ba chóir a bheith "corcra" agus cé acu a ba chóir a bheith "glas"?***

Tugann an múinteoir Spáinnise seo roinnt tionscadal amach i rith an téarma ina n-iarrtar ar scoláirí a léiriú cad iad na príomhghnéithe aontaithe a foghlaimíodh. Is cuid de thuairiscín deireadh téarma iad na tionscadail seo.

Sannann an múinteoir seo togra ag deireadh na Chéad bhliana. Úsáideann sé fíricí ón togra seo chun quiz Kahoot a chruthú da chuid scoláirí nuair a fhilleann siad ar an scoil i Meán Fómhair.

Tá sé aontaithe ag an roinn NTI seo go gcuirfidh scoláirí trí mhír oibre ar aghaidh óna bpunann teanga scoláire ag deireadh gach bliain acadúil mar chuid dá measúnú deireadh bliana.

***3.*** **Ag obair i bpéirí daoibh scríobhaigí sios na tréithe is tabhachtaí do na cásanna corcra agus glasa**

***4. Meabhraigh ar na measúnaithe atá déanta agat I do chuid NTI le roinnt seachtainí anuas.*** *An raibh said foirmitheach nó suimitheach?*

- *Conas a bhog said an fhoghlaim chun cinn?*
- *An raibh modhanna difriúla measúnaithe I gceist iontu?*
- *Conas a rinne tú na scileanna difriúla teanga a mheas?*

***5. Cruthaigh roinnt cásanna measúnú foirmitheach agus suimitheach do do sheomra ranga NTI féin, ina mbeidh na tréithe tábhachtacha uile a luaitear thuas:***

**Gnéithe den mheasúnú foirmitheach**



**Achoimre de na príomhghnéithe den mheasúnú foirmitheach**

# INTINNÍ FOGHLAMA

**CAD É agus CÉN FÁTH / AN tÁBHAR agus AN CHÚIS**

Cinntíonn siad go mbíonn tusa agus do chuid scoláirí soiléir faoin méid atá i gceist leis an bhfoghlaim atá beartaithe. D'fhonn a bheith éifeachtach, ní mór dóibh …

- a shonrú cad é a bheidh á fhoghlaim ag scoláirí
- a mhíniú cén chúis atá taobh thiar den fhoghlaim
- a bheith curtha in iúl i dteanga a thuigeann scoláirí
- a bheith déanta cúpla babhta le linn an phróisis fhoghlama

Níl aon "dóigh cheart" chun an fhoghlaim a roinnt. Is féidir gur de dheasca scoláirí agus múinteoirí ag déanamh measúnaithe ar an áit a bhfuil siad faoi láthair a eascródh siad, nó b'fhéidir gur de thoradh ar próiseas fiosrúcháin ar nós gnóthachtáil choincheapa a thiocfadh siad.

Tá na hintinní foghlama agus na torthaí foghlama nasctha le chéile." I gcroílár" an toraidh foghlama, bíonn briathar gnímh agus mar sin de, is léir uaidh sin an rud a ba chóir a bheith ar eolas ag scoláirí, a thuigeadh siad nó a bheadh siad in ann a dhéanamh.  Cabhraíonn sé sin agus intinní foghlama a fhorbairt ó thorthaí foghlama

# CRITÉIR RATHA

**Conas critéir ratha a aithint**

Cabhraíonn siad chun an tuiscint a fheabhsú agus chun a chinntiú go mbíonn tú féin agus do scoláirí soiléir maidir leis an chuma a bhíonn ar rath ó thús. Tugann siad cumas do na scoláirí a bheith ina bhfoghlaimeoirí neamhspleácha trí bhunús coincréiteach a chur ar fáil le haghaidh aiseolais. Ní gá dóibh a bheith difriúil do gach ceacht / gníomhaíocht.

Critéir ratha:

- Tugann siad deis do scoláirí dul chun cinn ag a leibhéal cumais agus mar sin de níor chóir dóibh scoláirí a theorannú
- Tá siad scoláire-lárnach agus mar sin de, is cóir iad a chruthú i dteanga na scoláirí
- Is féidir iad a thógáil i gcomhar lena chéile – tá sé forbarthach

# AISEOLAS FOIRMITHEACH

**Conas an fhoghlaim a bhogadh chun tosaigh**

Is iomaí cineál aiseolais ann – scríofa, ó bhéal, srl. Cabhraíonn sé le scoláirí spriocanna a leagan amach don fhoghlaim amach anseo agus cabhraíonn sé leo a bheith ina bhfoghlaimeoirí neamhspleácha.  Is éifeachtaí i bhfad an t-aiseolas nuair:

- A bhíonn sé dírithe ar cháilíocht obair scoláire
- A bhíonn baint aige leis na critéir ratha
- A aithníonn sé rath agus gnóthachtáil
- A thugann moltaí maidir le feabhsúchán
- A spreagann sé smaointeoireacht scoláirí
- A cheadaítear am chun feabhsúchán a dhéanamh

Is iomaí treo inar féidir le haiseolas tarlú – ó phiara go piara, ó mhúinteoir go piara, aiseolas féindírithe. Is cóir leis seo gur mó oibre a bhíonn le déanamh ag an scoláire seachas ag an múinteoir

**Achoimre de na príomhghnéithe den mheasúnú foirmitheach**

## CEISTIÚ ÉIFEACHTACH

Beidh béim ag an measúnú ar thacú leis an bhfoghlaim. Chun tacú le foghlaim, caithfidh fios a bheith againn cad é a bhfuil scoláirí ag smaoineamh faoi. Léiríonn taighde (Mason. J., Watson. A.) dá mbeadh a fhios againn cad é faoi a bhfuil scoláirí ag smaoineamh gurbh fhéidir linn cuid mhór a fháil amach faoin gcaoi agus faoin méid atá siad a fhoghlaim.
Chun é sin a dhéanamh, caithfimid an cineál ceisteanna a chur a dhéanfaidh na rudaí seo a leanas:

- Spreagann suim, dúshlán nó a dhéanann teagmháil
- Déanann measúnú ar réamheolas agus ar thuiscint
- Músclaíonn tuiscint atá ann cheana féin chun tuiscint nua a fhorbairt
- Cuireann béim na smaointeoireachta ar phríomhchoincheapa
- Leathnaíonn agus doimhníonn smaointeoireacht foghlaimeoirí
- Cuireann chun cinn smaointeoireacht foghlaimeoirí faoin dóigh a mbeidh siad ag foghlaim
- Pleanáiltear iad agus tá baint acu leis na hintinní foghlama
- Tugtar deis smaointeoireachta roimh fhreagra
- Tugann deis dóibh comhphlé a dhéanamh sula bhfreagraítear ceist
- Cuirtear iad go cúramach in ord deacrachta
- Spreagann foghlaimeoirí chun freagraí a mhíniú agus na freagraí sin a chosaint
- Tugann deis do na scoláirí uile a bheith rannpháirteach m.sh. clár beag bán a úsáid, nó a chéile a cheistiú

## SCOLÁIRÍ AG MACHNAMH AR A gCUID FOGHLAMA

Cé go ndéanann formhór na ndaoine machnamh gach lá, tarlaíonn sin don chuid is mó nuair a bhíonn sealanna ciúnais againn linn féin. Níl cleachtadh ag formhór na scoláirí ar mhachnamh ar a gcuid foghlama ar bhealach struchtúrtha. Tá lámh chuidithe de dhíth orthu le scileanna a fhorbairt sa smaointeoireacht agus sa scríbhneoireacht mhachnamhach. Cé go mb'fhéidir go mbeadh an scil seo ina scil nua acu ar dtús, éireoidh siad níos eolaí uirthi de réir mar a bhogfaidh siad tríd an tsraith shóisearach.
Duine a bheith in ann machnamh ar a chuid foghlama agus foghlaim conas a bheith ina fhoghlaimeoir níos fearr, is priomh-mhíreanna iad sin de phríomhscileanna na sraithe sóisearaí. Nuair a fhoghlaimíonn scoláirí conas machnamh ar a gcuid foghlama trí dhialóg, scríbhneoireacht nó ríomhaire a úsáid tá siad ag forbairt mórán de na scileanna seo.

Trí mhachnamh 'san fhoghlaim' agus 'ar an bhfoghlaim' is féidir le scoláirí:

- a bheith níos feasaí ar an eolas agus ar na scileanna atá forbartha acu
- buanna agus gnéithe atá le forbairt le haghaidh tuilleadh foghlama
- níos mó tuisceana a fháil orthu féin agus conas a fhoghlaimíonn siad
- níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama

## Cur chuige athraitheach i leith an mheasúnaithe

*Tabhair do d'aire: Is fearr féachaint ar Shonraíochta Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí chun gach eolas a fháil i dtaca le measúnú i nuatheangacha iasachta na Sraithe Sóisearaí.*

*Cuireann an déchur chuige nua i leithe measúnaithe níos mó béime ar mheasúnú rangbhunaithe agus foirmitheach*: Is fearr a fhoghlaimíonn scoláirí nuair a thugann múinteoirí aischothú dóibh a chabhraíonn leo tuiscint a bheith acu conas a gcuid foghlama a fheabhsú.

Déantar na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna) le linn am ranga agus ba chóir go mbeadh siad an-chosúil leis an obair a tharlaíonn de ghnáth sa seomra ranga. Tá mar aidhm acu deiseanna a chruthú do scoláirí a gcuid foghlama a thaispeáint i réimsí ar dheacair iad a ghabháil i scrúdú amaithe le peann agus pár. Mar shampla, is scrúdú cumarsáide ó bhéal an 1ú MRB a dhéantar sa 2ú bliain. Tugann sé deis do scoláirí díriú ar ghné de thír/thíortha na sprioctheanga; nó ar eispéireas rólghlactha i dtír na sprioctheanga; nó ar thopaic nó spreagthach suimiúil.  Is féidir le scoláirí a gcuid torthaí a léiriú ar bhealaí éagsúla. Thar na trí bliana den tsraith shóisearach, tiomsaíonn gach scoláire punann ina mbíonn réimse leathan téacsanna. Don 2ú MRB a tharlaíonn sa 3ú bliain, roghnóidh scoláire trí phíosa óna phunann a bheidh le cur i láthair.

Chun tacú le breithiúnas an mhúinteora sna MRBnna, tá Gnéithe Cáilíochta ar fáil sna Treoirlínte Measúnaithe. Cuireann na cruinnithe Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) deiseanna ar fáil do mhúinteoirí samplaí de mheasúnú atá déanta acu ar obair scoláire a roinnt agus a phlé agus teacht ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlaim scoláirí. Breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe leis an gcruinniú in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus don tuairisc a thabharfaidh an scoil do thuismitheoirí agus do scoláirí.

Tar éis an 2ú MRB, beidh **Tasc Measúnaithe** (TM) ann.  Is é a bhíonn i gceist leis seo tasc scríofa a dhéanann scoláirí le linn an ranga agus a sheoltar chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit, mar aon leis an scrúdú deiridh, le haghaidh a mharcála.  Is fiú 10% de mharcanna iomlána an ghráid deiridh é seo, agus téann an 90% eile don scrúdú scríofa (agus dáiltear 35% de sin ar chomhpháirt éisteachta). Déantar torthaí na MRBnna agus toradh iomlán an CSS a thaifead ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

Tá déchuir chuige i leith an mheasúnaithe ann anois, ina mbíonn measúnú rangbhunaithe thar na trí bliana agus scrúdú deiridh stát-teistithe a mheastar go seachtrach agus, dá bharr sin, cruthaítear an chothromaíocht chuí idir scoláirí a ullmhú do scrúduithe agus smaointeoireacht chruthaitheach, foghlaim ghníomhach agus  torthaí níos fearr do scoláirí

| Cumarsáid ó Bhéal | Punann Teanga an Scoláire | Tasc Measúnaithe | Scrúdú Deiridh |
|---|---|---|---|
| MRB 1<br>……………………<br>Bliain 2<br>Téarma Deiridh<br>……………………<br>Measúnú Rangbhunaithe, agus AFMÁ ina dhiaidh<br>Tuairiscithe i PGSS ag úsáid Tuairiscíní | MRB 2<br>……………………<br>Bliain 3<br>Deireadh Téarma 1<br>……………………<br>Measúnú Rangbhunaithe, agus AFMÁ ina dhiaidh.<br>Tuairiscithe i PGSS ag úsáid Tuairiscíní | ……………………<br>Bliain 3<br>Deireadh Téarma 1<br>……………………<br>Bunaithe ar Thorthaí Foghlama MRB2. Leagtha síos ag CNCM & grádaithe ag CSS. Is fiú 10% den Mheasúnú Deiridh é | ……………………<br>Deireadh Bliain 3<br>……………………<br>Bunaithe ar shamplaí de Thorthaí Foghlama.<br>Leagtha síos agus grádaithe ag CSS. Is fiú 90% den Mheasúnú Deiridh é (35%  ag dul don chomhpháirt éisteachta) |

## Machnamh


*Conas a thacaíonn na gnéithe éagsúla den mheasúnú foirmitheach san aonad seo le foghlaim?*

## Scil an Mhachnaimh Ghníomhaí a fhorbairt

*Teagasc do scoláirí conas machnamh a dhéanamh... Conas atá ag éirí linn?*

Bí ag obair i d’aonar nó le páirtí agus ansin pléigh a fheabhas a d’fhorbair tú do chleachtas ranga trí intinní foghlama a úsáid.

Cuir soilse tráchta le do fhreagraí ar na ceisteanna thíos ag úsáid an chóid seo:

| **I mo sheomra ranga…** |  I gcónaí |  Uaireanta |  Riamh |
|---|---|---|---|
| Cuirim am ar fáil do scoláirí ag deireadh an cheachta/na gceachtanna chun machnamh ar an dul chun cinn atá déanta acu | | | |
| Spreagaim scoláirí chun machnamh a dhéanamh ní amháin ar an méid a d’fhoghlaim siad ach conas a d’fhoghlaim siad é | | | |
| Spreagaim daltaí chun na chéad chéimeanna eile ina bhfoghlaim a phleanáil | | | |
| Soláthraím ceisteanna agus uirlisí chun cabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama | | | |
| Sa seomra ranga úsáidim friotal a bhaineann le machnamh, amhail, ‘déanaimis moill anois chun machnamh ar an rud atá sibh tar éis a fhoghlaim’ | | | |
| Tugaim deiseanna do scoláirí féinmheasúnú a dhéanamh mar chuid den phróiseas machnaimh | | | |
| Cuirim am ar fáil do scoláirí chun machnamh ar aiseolas a fhaigheann siad uaimse agus óna bpiaraí | | | |



## Tulleadh smaointe chun scil an mhachnaimh a fhorbairt

### Loga Foghlama

Is freagra scríofa pleanáilte, fiúntach, leantach é an loga foghlama ar an eispéireas foghlama a bhíonn ag scoláirí. Is féidir na machnaimh sin a choimeád ar líne nó i ndialann speisialta. Éascaíonn siad dialóg idir an scoláire agus an múinteoir ar an turas foghlama. I roinnt cásanna, is féidir na píosaí machnaimh a roinnt i ngrúpa beag nó le páirtí.

### An peann corcra le haghaidh machnaimh

Mura mian leat scoláirí a gcuid machnaimh a scaradh ón ngnáthfhoghlaim s'acu, is féidir iarraidh orthu a gcuid oibre a scríobh le peann gorm / dubh agus an machnamh ar a gcuid oibre le peann corcra. Fágfaidh sé sin go mbíonn sé níos fusa agatsa agus acu féin a gcuid machnaimh a fheiceáil ina gcóipleabhair.

### Machnamh agus 'féinchaint'

Sa chultúr a chleachtaimid, bíonn deacrachtaí ag scoláirí a aithint gur ga dóibh dul i mbun féinchainte. Chun cabhrú le scoláirí guth inmheánach an mhachnaimh a fhorbairt, is féidir a iarraidh orthu na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Litir / téacs a scríobh chucu féin a rá cad é a d'fhoghlaim siad ó eispéireas foghlama áirithe.
- Litir chomhairle a chur chucu féin, a chur i gcuimhne dóibh cad é is féidir leo a dhéanamh chun a gcuid foghlama / oibre a fheabhsú an chead uair eile a dhéanfaidh siad tasc áirithe.

### A gcuid machnaimh a roinnt

Is cuidiú é deis a bheith ag duine a chuid machnaimh a roinnt de bhrí go gcabhraíonn sé le scoláirí idir theanga agus chleachtas an mhachnaimh a fhorbairt. Seo roinnt bealaí chun cuidiú le scoláirí an cumas a fhorbairt lena gcuid machnaimh a roinnt:

- Suígí thart i gciorcal. Iarr ar gach duine machnamh amháin a roinnt faoin dóigh ar fhoghlaim siad sa seomra ranga inniu.
- Iarr ar scoláirí machnamh a dhéanamh ar na réimsí ina mbíonn deacrachtaí acu nó ábhair imní agus ansin roinnigí straitéisí chun fadhbanna a réiteach.
- Iarr ar scoláirí machnamh ar bhotún nó ar mheancóg a rinne siad le deireanas agus conas a d'fhoghlaim siad uaidh sin.

Fásann an mhórchuid dínn aníos leis an tuairim gur drochrudaí iad botúin. Leis an gcuid is mó a bhaint as ár gcuid foghlama, is ga a fhiafraí: 'Conas is féidir linn an buntáiste is mó a bhaint as gach botún a dhéanaimid?'.

*Uirlisí Úsáide Measúnaithe, CNCM*

## Teimpléad Samplach Machnamh Múinteora – Meán Fómhair go Meántéarma

Is sampla é seo a leanas de Theimpléad Machnaimh a úsáideann múinteoir teanga chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile i bpleanáil, measúnú agus foghlaim.

Ceisteanna treorach:

- Ar chuir mé na torthaí foghlama ó shnáitheanna éagsúla le chéile chun aonad foghlama a chruthú?
- An raibh rogha de shaghas éigin ag an scoláire?
- An ndearnadh measúnú ar na scileanna teanga uile (5)?
- An foirmitheach nó suimitheach den chuid is mó a bhí mo mheasúnú nó an raibh an dá chuid i gceist?

| Snáithe 1 | Snáithe 2 | Snáithe 3 |
|---|---|---|
| 1.2 x 2<br>1.3<br>1.6<br>1.9 x 2<br>1.12<br>1.14<br>1.15<br>1.19 | 2.1<br>2.2<br>2.3<br>2.4<br>2.5<br>2.6<br>2.7 | 3.1 x 2<br>3.2<br>3.10 |

| Torthaí Foghlama | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire … | Deireadh an aonaid |
|---|---|---|
| 2.5, 3.1, 3.2 | …réimse d'fhocail i bhFraincis / Gearmáinis / Iodáilis/ Spáinnis a úsáidimid i mBéarla a ainmniú<br>…tíortha ina labhraítear an spriocteanga a ainmniú<br>…réimse eolais a úsáid chun bileog fíricí faoi thír amháin ina labhraítear an spriocteanga a chruthú | |
| 1.12, 2.3, 2.6 | …beannú do dhuine, é féin a chur in aithne, agus buíochas a ghabháil sa ST<br>…freagairt mar is cuí agus go cruinn do bheannachtaí i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla<br>… an straitéis is fearr a aithint leo chun focail nua a fhoghlaim | |
| 1.9, 2.2, 3.1 | … na fuaimeanna a bhaineann le haibítir na spriocteanga a dhéanamh<br>…réimse de chathracha agus d'áiteanna clúiteacha a fhuaimniú go cruinn<br>…roinnt cathracha clúiteacha agus a gcríoch-chomharthaí i dtír na spriocteanga a aimsiú | |
| 1.2, 1.9, 2.4 | … focail agus frásaí a fhuaimniú agus béim ar an gcuid chuí den fhocal<br>…litreacha ciúine a shainaithint agus é ag éisteacht le focail agus le frásaí sa ST<br>…tús agus deireadh focail a aithint agus é ag éisteacht le habairtí iomlána sa ST | |
| 1.2, 1.15, 2.7 | …nithe sa seomra ranga a ainmniú sa spriocteanga<br>…treoracha simplí sa spriocteanga a leanúint<br>…an spriocteanga a úsáid chun nithe sa seomra ranga a iarraidh ar a gcuid piaraí, frásaí simplí a úsáid chun a gcuid oibre a mheas, leithscéalta simplí a dhéanamh | |
| 1.3, 1.14, 3.10 | …réimse d'uimhreacha sa spriocteanga a úsáid<br>…réimse d'uimhreacha sa spriocteanga ina n-aonar agus in abairtí gairide a aithint<br>…cosúlachtaí / éagsúlachtaí sa chaoi a gcuirtear aoiseanna i bhfriotal sa spriocteanga a aithint | |
| 1.6, 1.19, 2.1 | …baill dá gharghaolta a ainmniú sa spriocteanga<br>…cur síos a dhéanamh ar bhaill an teaghlaigh agus réimse aidiachtaí in úsáid<br>…a rogha féin píosa scríbhneoireachta ag cur síos ar a theaghlach a chur i láthair | |

## Foghlaim scoláirí a mheas sa seomra ranga NTI

Teimpléad Pleanála don Aonad Foghlama seo

| **1ú Bliain NTI** |
|---|
| Torthaí Foghlama i bhfócas: **(An rud is mian liom mo scoláirí a bheith ar eolas acu / a thuiscint / a bheith ábalta a dhéanamh sa sprioctheanga ag deireadh an aonaid seo)**<br><br>**1.10** tuairiscí, cuir i láthair nó fógraí simplí ar thopaicí coitianta a chur in iúl<br>**1.13 ceisteanna a chur agus a fhreagairt, agus smaointe**, mothúcháin **agus faisnéis a mhalartú ar thopaicí coitianta** i gcúrsaí laethúla<br>2.1 **patrúin teanga amhail** ord na bhfocal, an córas briathra**, ainmfhocail, aidiachtaí** agus gnásanna litrithe agus poncaíochta a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu<br>**3.4 roinnt gnéithe de thír / thíortha na spriocthеanga a shainaithint** agus a mhíniú i réimsí amhail an saol laethúil, caidreamh idirphearsanta, gnásanna agus iompraíochtaí, gnásanna sóisialta |
| **Measúnú: (Mar a bheidh a fhios agam go bhfuil a fhios acu**<br><br>Is féidir le scoláirí cur síos ar theach / árasán sa spriocthеanga agus leas a bhaint as réimse ainmfhocail agus aidiachtaí éagsúla.<br>Is féidir le scoláirí ceisteanna a bhaineann le teach a chur agus a fhreagairt |
| **Gníomhaíochtaí féideartha foghlama: (An rud a dhéanfaidh mé chun iad a thabhairt an fad sin)**<br>**Gníomhaíocht Tosaigh Mata Boird**: Cruthaíonn scoláirí liostaí s'acu féin d'fhocail / de nathanna a bhíonn de dhíth agus iad ag caint ar theach (ainmneacha na seomraí, aidiachtaí le cur síos ar na seomraí, is maith liom…mar…). Is féidir leis an múinteoir cur le liosta na scoláirí chun gluais téarmaí / nathanna a chruthú don aonad seo<br><br>**Cleachtadh**: Foclóir nua agus struchtúr a dhaingniú<br><br>**Gníomhaíocht bhearna eolais:** I mbeirteanna nó i ngrúpaí, meaitseálann scoláirí na cuir síos leis an teach ceart agus lorgaíonn teach gan cur síos air.  Cumann scoláirí cur síos don teach sin agus eolas ó na cuir síos scríofa eile in úsáid<br><br>**Gníomhaíocht Shínte:** Déanann scoláirí cur síos ar  theach amháin le scoláire eile ó bhéal agus déanann an scoláire sin iarracht é a tharraingt / na gnéithe a aibhsiú ar phictiúr<br><br>**Cleachtadh:** Dul siar ó chluas / ó bhéal ar cheisteanna agus freagraí a bhaineann le teach trí straitéisí éagsúla amhail "Snap" agus / nó "3 fhírinne agus bréag"<br><br>**Gníomhaíocht léitheoireachta:** I ngrúpaí de thriúr, cumann scoláirí réimse ceisteanna a mbeifeá ag iarraidh freagraí a fháil orthu agus tú ag cuardach lóistín ar líne.  Déanann siad taighde ansin ar líne agus   www.casamundo.de / www.casamundo.it/ www.casamundo.de / www.casamundo.fr in úsáid don spriocthеanga<br><br>**Tasc deireadh aonaid:**  ullmhaíonn agus tugann scoláirí cur i láthair gairid a dhéanann cur síos ar theach / árasán a ba mhaith leo a fháil ar cíos i dtír na spriocthеanga agus réimse ainmfhocail agus aidiachtaí éagsúla in úsáid acu. Ina dhiaidh sin, bíonn ceisteanna ó scoláirí agus / nó ón mhúinteoir<br><br>**Aithnítear sna gníomhaíochtaí nádúr agus seicheamh comhtháite shealbhú an dara teanga (glacach → táirgiúil)* |
| **Acmhainní:**<br>Luaschártaí a léiríonn téama an tí: is féidir iad seo a úsáid ar fud an aonaid trí chuir síos / ceisteanna / mar ghníomhaíocht meaitseála / do dhaingniú ó chluas agus ó bhéal<br>Suíomhanna gréasáin a fhógraíonn lóistín i dtír na ST |
| **Machnamh:**<br>Cad é ar éirigh go maith leis?<br>B'fhearr i bhfad dá … |

**Nótaí**

Mar

Roinn

NTI

Go hAonarach
nó
Le Chéile

## Samplaí Aonaid Foghlama

Learning Outcomes

Assessment

Learning Activities

Torthaí Foghlama i bhfócas: **(An rud is mian liom mo scoláirí a bheith ar eolas acu / a thuiscint / a bheith ábalta a dhéanamh sa spriocteanga ag deireadh an aonaid seo)**

**Measúnú: (Mar a bheidh a fhios agam go bhfuil a fhios acu**

**Gníomhaíochtaí féideartha foghlama: (An rud a dhéanfaidh mé chun iad a thabhairt an fad sin)**

**Aithnítear sna gníomhaíochtaí nádúr agus seicheamh comhtháite shealbhú an dara teanga (glacach → táirgiúil)*

**Acmhainní:**

**Machnamh:**

Cad é ar éirigh go maith leis?

B'fhearr i bhfad dá …

## Ó pheirspictíocht scoláire

Táimid ag foghlaim faoi…

- réimse de sheomraí agus de ghnéithe difriúla tí / árasáin a ainmniú
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoi theach / árasán
- cur síos ar theach / árasán dár bpiaraí sa tír / sna tíortha difriúla sprioctheanga
- láithreoireacht a ullmhú agus a thabhairt dár bpiaraí

## Gníomhaíochtaí Bearna Eolais



*IHA location vacances*



*Wikimedia commons*



*publicdomainpictures.com*



*Geograph*



*IHA Holiday lettings*



*IHA Holiday lettings*



*IHA*

*Holiday lettings*



*wikimedia comments*

## Gníomhaíochtaí Bearna Eolais

| | |
|---|---|
|  *PxHere* |  *Pixabay.com* |
|  *Wikimedia Commons* |  *Wikimedia Commons* |
|  *Pixabay.com* |  IHA.com |
|  IHA.com |  *Wikimedia Commons* |

## Gníomhaíocht ar ghnóthachtáil eochairchoincheapa a fhreagairt:

Tugann an múinteoir Spáinnise seo roinnt tionscadal amach i rith an téarma ina n-iarrtar ar scoláirí a léiriú cad iad na príomhghnéithe aontaithe a foghlaimíodh. Is cuid de thuairiscín deireadh téarma iad na tionscadail seo.

Sannann an múinteoir seo togra ag deireadh na Chéad bhliana. Úsáideann sé fíricí ón togra seo chun quiz Kahoot a chruthú da chuid scoláirí nuair a fhilleann siad ar an scoil i Meán Fómhair.

Tá sé aontaithe ag an roinn NTI seo go gcuirfidh scoláirí trí mhír oibre ar aghaidh óna bpunann teanga scoláire ag deireadh gach bliain acadúil mar chuid dá measúnú deireadh bliana.

## Gnóthachtail Choincheapa

**Réasúnaíocht:**

Is straitéis ionduchtaitheach teagaisc nó samhail teagaisc é gnóthachtáil choincheapa a d'fhorbair Jerome Bruner agus a mhínítear sa leabhar "*A study of thinking*" (1986). Léiríonn taighde gur cuardaitheoir patrún é an inchinn. Cabhraíonn gnóthachtáil choincheapa chun na patrúin sin a nochtadh, brúnn sé leibhéal anailíse na smaointeoireachta criticiúla agus cabhraíonn le scoláirí an t-eolas a choinneáil níos faide agus an coincheap a thuiscint ar leibhéal níos doimhne. Spreagann sé scoláirí lena gcuid tuisceana ar choincheap a fhorbairt nó a shoiléiriú.

**Coincheapa:**

Chun an straitéis seo a úsáid, caithfear tuiscint shoiléir a bheith agat ar an gcoincheap a bhíonn i gceist.
*'A concept is anything you can see, feel, touch or taste. The greater the clarity about the concepts around us the more likely we are to understand and communicate with others'.* (Bennett agus Rollheiser, "*Beyond Monet*", 2001: 189)
Tá ceithre ghné (4) ag baint le coincheap:

1. **Ainm nó lipéad** (m. sh. Ainmfhocail, briathra, grá, ciníochas, madra)
2. **Samplaí / Eiseamláirí**: Ba cheart go mbeadh tréith nó gné amháin nó níos mó i gcoiteann ag na cásanna samplacha (m.sh. maidir le coincheap *an damhsa*, d'fhéadfá na samplaí seo a lua *Waltz, Tango, Jive*)
3. **Tréithe:** bíonn tréithe riachtanacha agus neamhriachtanacha ag gach coincheap
4. **Réimse Luacha:** Tá cuid de na tréithe lasmuigh den tuiscint reatha atá againn ar thréithe coincheap (is í an tuiscint atá againn ionann gur dath dearg / glas / buí na dathanna a bhíonn ar úlla ach b'fhéidir go bhfuil cineálacha eile ann nach bhfaca muid riamh?)

***Ullmhúchán an cheachta:***

1. Roghnaigh agus sainmhínigh coincheap
2. Roghnaigh na tréithe
3. Forbair samplaí dearfacha agus diúltacha

***Tarlaíonn teagasc an choincheapa i dtrí chéim:***

1. Cuir na tacair sonraí i láthair agus ráiteas fócasaithe leo:
    - Bíonn samplaí SEA agus samplaí Ní hEA den choincheap sna tacair sonraí. Is féidir leis na samplaí Ní hEA rud a bheith acu i gcoiteann nó gan aon rud a bheith acu.
    - Díríonn an ráiteas fócasaithe aird an fhoghlaimeora ar an rud le breathnú air agus ar an rud gan bhreathnú air. (m.sh. "Feicfidh tú samplaí de bhia. Tá rud i gcoiteann ag na samplaí SEA; níl aon rud i gcoiteann ag na samplaí Ní hEA. Bígí ag meabhrú daoibh féin agus ná roinnigí bhur gcuid smaointe le duine eile ag an bpointe seo.")
2. Anois roinneann na foghlaimeoirí a gcuid hipitéisí; ar dtús le duine in aice leo agus ansin leis an ngrúpa uile. Is féidir gur gá roinnt samplaí eile a aimsiú chun coincheap a chur as an áireamh nó chun é a shoiléiriú ag an gcéim seo.
3. Anois roinneann na scoláirí a gcuid smaointeoireachta; pléann siad cuspóir an choincheapa agus pléann a chuid tréithe riachtanacha. Ba chóir an chéim seo a dhéanamh i ngrúpaí agus is féidir straitéisí eile teagascacha amhail Anailís Foirne, 6 Hata Smaointeoireachta, Mataí Boird, srl. a bheith in úsáid fosta. Is í seo an chéim is tábhachtaí de Ghnóthachtáil Choincheapa cionn is go gcabhraíonn sí le foghlaimeoir tréithe coincheapa a shoiléiriú.

**Feidhmiú i seomra ranga NTI:**

Tá gnóthachtáil choincheapa fóirsteanach le haghaidh coincheapa gramadaí a theagasc amhail aimsirí, foirmeacha focail, gnásanna poncaíochta chomh maith le coincheapa ar nós steiréitíopaí, béascna, gnásanna sóisialta.

## Tagairtí


Council of Europe (2001). Common European Framework of Reference for Languages: Learning, teaching, assessment. Cambridge University Press. The full text is available on the www.coe.int

Department of Education and Skills (DES) (2015). Framework for Junior Cycle 2015. DES. The full text is available on www.education.ie

National Council for Curriculum and Assessment (NCCA) (2016). Specification for Junior Cycle Modern Foreign Languages. DES. The full text is available on www.curriculumonline.ie

Department of Education and Skills (DES), Inspectorate (2016). Looking at our schools 2016, A Quality Framework for Post-Primary Schools. The full text is available on www.education.ie


## Cá háit is féidir tuillead eolais sháil?

www.curriculumonline.ie
This is the website of the National Council for Curriculum and Assessment (NCCA) where you will find key documents such as:
The specification for Modern Foreign Languages,
Guidelines for the Classroom Based Assessment and Assessment Task

www.juniorcycle.ie
Here you can find the Assessment Toolkit which is designed to support and assist teachers in their work on junior cycle assessment

www.jct.ie
Our aim is to support schools in their implementation of the new Junior Cycle Framework through the provision of appropriate high quality continuing professional development for school leaders and teachers, and the provision of effective teaching and learning resources.

Lean muid @JCTMFL for regular updates

## Acmhainní digiteacha molta ag agus do mhúinteoirí NTI

| | |
|---|---|
| Post-it® Plus (notes taking) | Trading Card Creator (flashcards game) |
| Pearltrees (virtual resource organiser) | Deutsche Welle (German international broadcasting service that also contains online German lessons) |
| Storify (Create your social media stories) | TES teach (A platform to create digital lessons) |
| Popplet (Collaborative mind mapping tool) | Flipboard (News aggregator) |
| Mindmeister (Collaborative mind mapping) | LibriVox (Free public domain audiobooks) |
| Google Earth (Earth view) | eTwinning (A community for schools in Europe) |
| ipadio (Broadcast live via a phone call | Sway (Create presentations and newsletters) |
| Flubaroo (A grading tool) | PodOmatic (Podcast platform) |
| Mindomo (Collaborative mind mapping) | Thinglink (Annotate existing images or videos) |
| Trivialang (a game app for language learners) | Second Life (virtual world platform) |
| Tumblr (simple microblogging w. media | Rhinospike (audio recordings by NSs) |
| PollDaddy (online poll creation tool, embeddable in WordPress) | PB Works (wiki website creation tool) |
| Moodle (course management system or VLE- virtual learning environment) | Voki (talking through avatars) |

| | |
|---|---|
| Powerpoint Online (cloud-based presentation tool) | Twitter (web-based microblogging tool) |
| Google Docs (a tool for creating, sharing, storing and collaborating on files) | Langblog (an audio/videoblog for oral production) |
| Photopeach (slide presenting tool turning images into slides) | Wordle (word cloud creator) |
| Voicethread (visual presentation tool + slide presenting) | Weebly (simple website creation tool) |
| BliuBliu (vocabulary, authentic materials) | PollEverywhere (mobile phone audience polling tool) |
| RubiStar (rubric creator) | Shakespeak (students vote and ask questions with their mobile) |
| Lang-8 (native speakers correct your writing) | goo.gl (url shortener) |
| ReadLang (click words to make flashcards) | Memrise (create and take quizzes) |
| Skype (audio-conferencing tool) | Wheel Decide (Online spinner tool) |
| Vocaroo (share voice messages online) | TuneIn (radio/podcasts) |
| Socrative (mobile response quizzer/poller) | Mentimeter (mobile polling tool) |
| Your suggestions: | Your suggestions: |
| Your suggestions: | Your suggestions: |

# Uirlisí agus Straitéisí i gcomhair Difreála sa seomra ranga NTI

| | |
|---|---|
| Graphic organiser | Use of pictures |
| Quiet location to work | One to one |
| Note taking strategies | Extended time |
| Team teaching | Small group instruction |
| Modelling | Proximity |
| Strategic groupings | Think pair share |
| Note-taker | Read aloud |
| Hands on | Hands on activity/experiment |
| Adjusted reading level of texts | Project based learning |
| Choice of response | Reduced workload |
| Peer support | Use of calculator |
| Field trips | Discussion |
| Use of dictionary | Authentic activities |
| Connecting to prior knowledge | Use the interest of students |
| Modified content | Guided practice |
| Independent practice | Individual instruction |

**Déan meabhairmhapa de do lá!**



Lean muid @JCTMFL don nuacht is deanaí.

*Creativity is contagious. Pass it on.* – Einstein